



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2006

Gaeilge

Bonnleibhéal

Gnáthleibhéal

Ardleibhéal

Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora

AN CLÁR

1.	AN CÚLRA	4
	1.1 An Siollabas	
	1.2 Na Leibhéil	
2.	AN BONNLEIBHÉAL	6
	2.1 An Réamhrá	
	2.2 Na Scrúdpháipéir	
	2.2.1 An Páipéar Scríofa	
	2.2.2 An Scrúdú Cluastuisceana	
	2.2.3 Imroinnt na Marcanna	
	2.3 Gnóthachtáil na nIarrthóirí	
	2.4 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	
	2.4.1 An Páipéar Scríofa	
	2.4.2 An Scrúdú Cluastuisceana	
	2.5 Tátal	
	2.6 Moltaí	
3.	AN GNÁTHLEIBHÉAL	13
	3.1 An Réamhrá	
	3.2 Na Scrúdpháipéir	
	3.2.1 An Páipéar Scríofa	
	3.2.2 An Scrúdú Cluastuisceana	
	3.2.3 Imroinnt na Marcanna	
	3.3 Gnóthachtáil na nIarrthóirí	
	3.4 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	
	3.4.1 An Páipéar Scríofa	
	3.4.2 An Scrúdú Cluastuisceana	
	3.4.3 Caighdeán na Gaeilge sna Freagraí	
	3.5 Tátal	
	3.6 Moltaí	

4. AN tARDLEIBHÉAL

22

- 4.1 An Réamhrá
- 4.2 Na Scrúdpháipéir
 - 4.2.1 Páipéar I
 - 4.2.2 Páipéar II
 - 4.2.3 An Scrúdú Cluastuisceana
 - 4.2.4 Imroinnt na Marcanna
- 4.3 Gnóthachtáil na nIarrthóirí
- 4.4 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí
 - 4.4.1 Páipéar I
 - 4.4.2 Páipéar II
 - 4.4.3 An Scrúdú Cluastuisceana
 - 4.4.4 Caighdeán na Gaeilge sna Freagraí
- 4.5 Tátal
- 4.6 Moltaí

1. An Cúlra

Tosaíodh ar Chlár an Teastais Shóisearaigh a theagasc sna hIarbhunscoileanna sa scoilbhliain 1998–99. Scrúdaíodh siollabais an chláir seo den chéad uair sna scrúduithe stáit sa bhliain 1992. Tugtar sainmhíniú beacht ar aidhmeanna agus ar phrionsabail an chláir sa leabhrán, an *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge* (Rialtas na hÉireann). Cuireadh *Treoirlínte Measúnaithe* do mhúinteoirí ar fáil i dteannta an tsiollabais mar aon le scrúdpháipéir shamplacha.

1.1 An Siollabas

Is siollabas tagartha é, an *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge*. Glactar leis go ngabhann na prionsabail foghlama chéanna leis an nGaeilge is a ghabhann le foghlaim nó sealbhú teanga ar bith eile. Is é príomhaidhm na gcúrsaí a eascraíonn as an siollabas ná go gcuirfí ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a úsáid. Moltar go mbeadh an foghlaimeoir lárnach sa chur chuige cumarsáideach. Leagtar béim sa siollabas ar cheithre scil: cluastuiscint, labhairt, léamhthuiscint agus scríobh. Tá a dtionchar féin acu sin ar na modhanna measúnaithe.

1.2 Na Leibhéil

Trí leibhéal, Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal, atá i gceist sa *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge*. Taispeánann **Tábla 1. (1.2)** líon iomlán na n-iarrthóirí a thug faoin nGaeilge sa Teastas Sóisearach le ceithre bliana anuas agus an líon agus an céatadán díobh sin a thug faoi na leibhéil éagsúla.

Tábla 1. (1.2)

	Líon Iomlán Iarrthóirí	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal	Bonnleibhéal
2006	50871	21,953 (43%)	25,440 (50%)	3,478 (7%)
2005	50319	21,736 (43%)	24,991 (50%)	3,592 (7%)
2004	51004	21,072 (41%)	25,752 (51%)	4,180 (8%)
2003	53979	22,136 (41%)	26,977 (50%)	4,866 (9%)

Ar an meán tugann timpeall 42% de na hiarrthóirí faoin Ardleibhéal, 50% díobh faoin nGnáthleibhéal agus 8% díobh faoin mBonnleibhéal. Cé go bhfuil an líon a thugann faoin nGnáthleibhéal mórán mar a chéile le blianta beaga anuas, tá ardú 2% le sonrú ó thaobh an Ardleibhéil de.

2. An Bonnleibhéal

2.1 Réamhrá

Tugtar le fios sa *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge* (1.3) gur ar na daltaí seo a leanas atá an leibhéal seo dírithe: ‘*Daltaí nach ndearna dul chun cinn suntasach i sealbhú na Gaeilge agus iad ar an mbunscoil*’ ach ‘*go mbeadh caighdeán áirithe Gaeilge*’ acu ‘*agus iad ag teacht isteach san iarbhunscoil*’. Luaitear, go háirithe, go mbeadh daltaí ‘*cleachtaithe ar an meitetheanga a ghabhann le hobair ranga agus leis an scrúdú sa chaoi nach mbeidh gá le dul i dtuilleamaí an Bhéarla sa seomra ranga ná le linn scrúduithe.*’ (*Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge*) Anuas air sin, leagtar béim ar ‘*thuiscint bhunúsach*’ a bhaint as caint dhíreach shimplí, as téacsanna scríofa a bhfuil stíl Ghaeilge dhíreach shimplí iontu. Ba chóir go mbeadh sé ar chumas na ndaltaí na cineálacha téacsanna gearra seo a leanas a scríobh: cuireadh a thabhairt; glacadh le cuireadh; leithscéal a ghabháil; fógra a scríobh; freagra a thabhairt ar iarratas; teachtaireacht (nóta gearr) a fhágáil. Ar an ábhar sin, is ar an ngabhchumas a chuirtear an bhéim den chuid is mó seachas ar an gcumas táirgthe.

2.2 Na Scrúdpháipéir

Tá na scrúdpháipéir a bhaineann leis an nGaeilge, TSBL 2006, chomh maith leis an scéim mharcála a théann leo, le fáil ar an suíomh idirlín, www.examinations.ie. Moltar don léitheoir leagan de na scrúdpháipéir agus an scéim mharcála a théann leo a bheith os a c(h)omhair agus a bhfuil i gceist ina dhiaidh seo á léamh aici/aige. Ag an leibhéal seo tugann iarrthóirí faoi dhá scrúdpháipéar: An Páipéar Scríofa agus An Scrúdú Cluastuisceana. 320 marc san iomlán atá ag gabhail leis an dá scrúdpháipéar. Bheadh 400 marc san iomlán ag gabháil leis an scrúdú dá mbeadh an 80 marc atá ag gabháil leis an mBéaltrial Roghnach san áireamh.

2.2.1 An Scrúdpháipéar Scríofa (200 marc). Am: uair go leith.

Roinn I – Léamhthuiscint (100 marc): Bhí trí cheist le freagairt.

Ceist 1 – Comhoiriúnú pictiúr (6 cinn): 20 marc.

Ceist 2 – Fógra agus 5 cheist ilroghnacha le freagairt móide ceist amháin ag lorg dhá phíosa eolais (freagraí scríofa): 40 marc.

Ceist 3 – Dhá cheist, bunaithe ar dhá phíosa iriseoireachta, le freagairt: 40 marc.

Roinn II – Scríobh na Teanga (100 marc). Trí cheist le freagairt.

Ceist 4 – Rogha idir (a) Cárta Poist agus (b) Cuntas Dialainne: 30 marc. Léaráidí ag gabháil leis an dá mhír.

Ceist 5 – Rogha idir (a) Litir agus (b) Nóta: (30 marc). Léaráidí le téacs/treoirlínte ag gabháil leis an dá mhír.

Ceist 6 – Rogha idir (a) Alt agus (b) Foirm Iarratais: 40 marc Léaráid ag gabháil le mír (a) agus ceisteanna ag lorg eolais ag gabháil le mír (b).

2.2.2 An Scrúdú Cluastuisceana (120 marc). Am: 30 nóiméad

Ceisteanna ilroghnacha atá ag baint leis an triail seo. Bhí 12 cheist ar fad ann agus dhá fhocheist, (a) agus (b), i naoi gcinn díobh sin. 21 cheist, mar sin, a bhí le freagairt anseo agus iad ar aon mharc. Cainteoirí dúchais a bhí le cloisteáil sna codanna ar fad agus roinneadh na giotaí cainte go cothrom idir na trí mhórchanúint. Canúintí maolaithe a bhí i gceist. Measúnú ar an léiriú tuisceana (tic [✓] le cur sna boscaí cuí) a bhí sa scrúdú cluastuisceana. Chualathas gach píosa cainte agus an cheist/na ceisteanna a ghabhann leis faoi dhó.

2.2.3 Imroinnt na Marcanna

Seo a leanas imroinnt na marcanna ag an mBonnleibhéal (as 320 marc):

- Léamhthuisceint: 100 marc: 31.25%
- Scríobh na Teanga: 100 marc: 31.25%
- Cluastuisceint: 120 marc: 37.5 %
- Iomlán: 320 marc: 100%

2.3 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

Rinne **3,478** iarrthóir an scrúdú seo i mbliana. Ó 1992 i leith tá laghdú suntasach tagtha ar líon na n-iarrthóirí a thugann faoin leibhéal seo, mar a léiríonn na figiúirí i d**Tábla 1. (2.3)** anseo thíos.

Tábla 1. (2.3)

Bliain	1992	1993	1994	1995	1996	1997	1998	1999
Líon	9613	8043	6972	6877	6512	5961	5853	5656
Bliain	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	
Líon	5243	5663	5165	4866	4181	3592	3478	

I dTábla 2. (2. 3) anseo thíos tugtar faisnéis faoi thorthaí na bliana 2006.

Tábla 2. (2.3)

A	B	C	D	E	F	N/G
11.5	31	33.1	20	3.6	0.7	0.1

Grád C + = 75.60 %

Grád D = 20.00 %

Grád E = 4.40 %

I dTábla 3. (2. 3) tugtar faisnéis faoi thorthaí na mblianta ó 2003 go 2006.

Tábla 3. (2. 3)

Bliain	A	B	C	D	E	F	N/G
2003	16.5	34.8	29.7	15.9	2.6	0.5	0
2004	18.1	36.4	28.2	14.6	2.4	0.2	0.1
2005	8.3	33.2	33.9	20.6	3.6	0.4	0
2006	11.5	31	33.1	20	3.6	0.7	0.1

2.4 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

Is léir ó na staitisticí sna táblaí in **2.3** thuas go bhfuil torthaí na bliana seo ag teacht leis na torthaí a fuarthas ag an leibhéal seo le blianta beag anuas, cf. **Tábla 3. (2.3)**. Tá sé sin fíor i gcás an scrúdpháipéir scríofa go háirithe, cf. **Tábla 1. (2.4.1)**.

Tá an chuma ar an scéal anois go gcomhairlíonn go leor múinteoirí d'iarrthóirí tabhairt faoin nGnáthleibhéal má fheictear dóibh go bhfuil na hiarrthóirí ábalta 'Scríobh na Teanga' ag an mBonnleibhéal a láimhseáil go réasúnta furasta. Tá sé sin inmholta. Fágann sé sin go mbíonn líon áirithe iarrthóirí, nach bhfuil chomh hinniúil sin ar scríobh na teanga, ar chúiseanna éagsúla, ag plé leis an leibhéal seo. Míníonn sé seo cuid de na laigí atá luaite sna tuairiscí ó na scrúdaitheoirí cúnta maidir le freagairt na gceisteanna i ranna áirithe a bhfuil baint acu leis an scríobh. Ar an ábhar sin, tá ardmholadh ag dul do na múinteoirí agus na húdaráis scoile a spreagann agus a threoraíonn na hiarrthóirí seo. Bhíothas ag tuar tráth go mbeadh i bhfad níos mó iarrthóirí ag tabhairt faoin leibhéal seo ach, mar is léir i d**Tábla 1. (2.3)**, ní mar sin a tharla.

2.4.1 An Scrúdpháipéar Scríofa

Roinn I – Léamhthuiscint: Freagraíodh na Ceisteanna 1, 2 agus 3 go maith agus gnóthaíodh marcanna sásúla sna ceisteanna seo.

Roinn II – Scríobh na Teanga: Bhí na freagraí i gCeist 4 (a) agus (b) sa Roinn seo sásúil. Ba léir gur ullmhaíodh na hiarrthóirí go maith don chuid seo den scrúdú. Lochtaíodh an easpa soiléireachta a bhain leis na pictiúir, áfach, agus bhíothas den tuairim go raibh 'iomrall aithne' ann ó am go ham i ngeall air seo. Ní raibh an caighdeán chomh sásúil céanna sna freagraí ar an dá cheist eile sa Roinn seo, 5 (a) agus (b), 6 (a) agus (b). Luaigh scrúdaitheoirí na pointí seo a leanas ina gcuid tuairiscí i dtaobh na gceisteanna seo: easpa tuisceana maidir leis na tascanna a bhí le comhlíonadh ag iarrthóirí; rinneadh glanchóipeáil ar an ábhar spreagthach uaireanta, gan aon ionramháil a dhéanamh ar na buntéacsanna spreagthacha; míchúram agus easpa cleachtaidh le sonrú i scríobh na Gaeilge; líon suntasach iarrthóirí nár bhac le Roinn II in aon chor.

Tá léiriú i d**Tábla 1. (2.4.1)** ar na meánmharcanna a baineadh amach le ceithre bliana anuas sa ghné seo den scrúdú.

Tábla 1 (2.4.1)

Gné den Scrúdú	Uasmharc	Meánmharc			
		2003	2004	2005	2006
Páipéar Scríofa	200	134.23 = 67.1%	134.96 = 67.5%	133.32 = 66.7%	133 = 66.5%

2.4.2 An Scrúdú Cluastuisceana

D'éirigh go maith le roinnt mhaith iarrthóirí sa ghné seo den scrúdú. De réir na dtuairiscí a chuir na scrúdaitheoirí ar aghaidh, bhí deacracht ag iarrthóirí áirithe le Ceist 10, le Ceist 11 agus le Ceist 12, ceisteanna nach mbíonn aon phictiúir ag gabháil leo. Luadh freisin go raibh deacracht ag iarrthóirí i mbliana le ceist 8 (b). Is fiú féachaint ar thorthaí an tsampla randamaigh (marcálann gach scrúdaitheoir 20 script randamach ag tús na marcála) chun pictiúr níos gléine a fháil ar chúrsaí ag an leibhéal seo. As an 220 iarrthóir a bhí i gceist sa sampla sin, fuarthas na staitisticí seo a leanas maidir leis na torthaí sa Scrúdú Cluastuisceana:

- 7 (3.2%) a ghnóthaigh lánmharc: 120 marc ar fad
- 78 (35.5%) a ghnóthaigh 90 + marc
- 57 (26%) a ghnóthaigh lánmharc i gCeist 10
- 40 (18.2%) nach bhfuair marc ar bith do Cheist 10
- 25 (11.4%) a ghnóthaigh lánmharc i gCeist 11
- 66 (30%) nach bhfuair marc ar bith do Cheist 11
- 24 (10.9%) a ghnóthaigh lánmharc i gCeist 12
- 135 (61.4%) nach bhfuair marc ar bith do Cheist 12

64% an meánmharc a fuarthas sa chuid seo den scrúdú. Tá sé seo beagán níos fearr ná an meánmharc a fuarthas anuraidh. Ainneoin seo, tá titim bheag le sonrú ar an toradh seo nuair a chuirtear i gcomparáid é leis na meánmharcanna a fuarthas sna blianta 2003 agus 2004.

2.5 Tátal

Léiríonn na staitisticí maidir le torthaí na bliana 2006 gur éirigh go maith leis na hiarrthóirí i gcoitinne. Nuair a dhéantar comparáid idir torthaí na bliana seo agus torthaí na mblianta eile, meánmharcanna san áireamh, feictear go bhfuil cruth réasúnta orthu. Tá moladh tuillte ag na hiarrthóirí as a ucht sin. Tá moladh tuillte ag na múinteoirí agus ag na húdaráis scoile chomh maith as na hiarrthóirí seo a spreagadh agus a threorú.

2.6 Moltaí

Tá sárobair ar siúl ag múinteoirí na Gaeilge sna scoileanna agus tá a shliocht sin ar thorthaí an leibhéil seo. Bíonn a gcuid dúthrachta agus a gcuid gairmiúlachta le sonrú go follasach sna hiarrachtaí a thagann óna gcuid daltaí sna scrúduithe stáit. Tugtar aitheantas don mhéid sin sa siollabas:

Sa deireadh thiar tá múineadh na Gaeilge sna scoileanna ag brath ar scileanna agus ar dhúthracht na múinteoirí agus ní bheidh toradh fóna ar aon iarracht a dhéanfar chun cláir teanga a leasú agus a chur i bhfeidhm gan a ndea-thoil agus a gcomhoibriú siúd mar aon lena gcumas féin sa teanga agus a máistreacht ar réimse scileanna múinteoireachta. Níl i siollabas ná i dtéacsleabhair ach áiseanna chun cabhrú leis an múinteoir.

Moltar do mhúinteoirí:

- Féachaint siar go rialta ar an *Siollabas don Teastas Sóisearach*
- Úsáid thuisceanach a bhaint as scrúdpháipéir ó bhlianta eile sa rang
- Cleachtadh rialta a thabhairt do na daltaí ar scríobh na Gaeilge ag an leibhéal a oireann dá gcumas agus dá n-inniúlacht
- Mura bhfuil taithí agat mar scrúdaitheoir cúnta is fiú eolas a bheith agat ar an gcóras marcála/measúnaithe. Is féidir Scéim Mharcála 2006, a bhaineann leis an leibhéal seo, a fháil ar an suíomh Idirlín, www.examinations.ie .

Moltar d'iarrthóirí

- Gach ceist ar an scrúdpháipéar a léamh go cúramach agus gan aon cheist ná cuid de cheist a fhágáil ar lár
- A bheith cinnte go dtuigeann tú roimh ré, cén leagan amach atá ar na scrúdpháipéir agus ar na roghanna atá iontu
- Am a fhágáil ag deireadh an scrúdaithe chun dul siar ar a bhfuil déanta agat.

3. An Gnáthleibhéal

3.1 Réamhrá

Tugtar le fios sa *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge* (1.3) gur ar na daltaí seo a leanas atá an leibhéal seo dírithe:

- *Daltaí a bhfuil caighdeán creidiúnach sa Ghaeilge bainte amach acu agus iad ag tosú san iarbhunscoil*
- *Iad siúd a thosaíonn ar bheagán Gaeilge ach a léiríonn cumas foghlama thar an ngnáth i rith an chúrsa*
- *Iad siúd ón nGaeltacht nach n-oirfeadh an tArdchúrsa dóibh ach a bhfuil scileanna áirithe teanga go maith acu.*

3.2 Na Scrúdpháipéir

Tá na scrúdpháipéir a bhaineann leis an nGaeilge, TSGL 2006, chomh maith leis an scéim mharcála a théann leo, le fáil ar an suíomh Idirlín, www.examinations.ie. Moltar don léitheoir leagan de na scrúdpháipéir agus an scéim mharcála a théann leo a bheith os a c(h)omhair agus a bhfuil i gceist ina dhiaidh seo á léamh aici/aige. Ag an leibhéal seo tugann iarrthóirí faoi dhá scrúdpháipéar: An Páipéar Scríofa agus An Scrúdú Cluastuisceana. Is é móriomlán na marcanna don dá scrúdpháipéar le chéile ná 320 marc. Bheadh 400 marc mar mhóriomlán dá gcuirfí an 80 marc atá ag gabháil leis an mBéaltrial Roghnach san áireamh.

3.2.1 An Páipéar Scríofa (220 marc). Am: Uair go leith.

Roinn I – Léamhthuiscint (110 marc): trí cheist le freagairt.

Ceist 1 – Comhoiriúnú pictiúr (10 gcinn): 20 marc

Ceist 2 – Dhá cheist as trí cinn: (a) Fógra; (b) Fógra; (c) Dán: 30 marc

Ceist 3 – Dhá cheist le déanamh: dhá pháiosa iriseoireachta, (a) agus (b): 60 marc

Roinn II – Scríobh na Teanga (110 marc). Bhí trí cheist le freagairt.

Ceist 1 – Rogha idir (a) Cárta Poist agus (b) Nóta: 25 marc. Léaráidí le téacs ag gabháil le mír (b).

Ceist 2 – Litir agus rogha idir (a) agus (b) i gceist: 40 marc. Bhí treoirlínte ag gabháil leis an dá mhír

Ceist 3 – Rogha idir (a) Alt gairid agus (b) Cuntas Dialainne: 45 marc. Léaráidí le téacs ag gabháil le mír (b).

3.2.2 An Scrúdú Cluastuisceana (100 marc). Am: 30 nóiméad

Is iad na píosaí taifeadta céanna a bhí ann don TSGL agus don TSAL ach go raibh scrúdpháipéir éagsúla ag an dá leibhéal. Bhí ceithre chuid sa scrúdú seo:

Cuid A – Trí pheannphictiúr;

Cuid B – Trí fhógra;

Cuid C – Trí chomhrá;

Cuid D – Trí pháosa nuachta raidió.

Cainteoirí dúchais a bhí le cloisteáil sna codanna ar fad agus rinneadh na giotaí cainte a roinnt go cothrom idir na trí mhórchanúint. Canúintí maolaithe a bhí i gceist. Chualathas gach ceann de na giotaí i gCuid A agus i gCuid C faoi thrí agus chualathas na giotaí i gCuid B agus i gCuid D faoi dhó. I gcás cúig cheist as sé cinn is ceisteanna ilroghnacha iad na ceisteanna i gcás na gcodanna B (21 mharc), C (21 mharc) agus D (18 + 3 mharc).

3.2.3 Imroinnt na Marcanna

Seo a leanas imroinnt na marcanna ag an nGnáthleibhéal (as 320 marc):

- Léamhthuiscint: 110 marc: 34.4%
- Scríobh na Teanga: 110 marc: 34.4%
- Cluastuisceant: 100 marc: 31.2%
- Iomlán: 320 marc: 100%

3.3 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

Rinne **25,440** iarrthóirí an scrúdú. I d**Tábla 1. (3.3)** anseo thíos tugtar faisnéis faoi thorthaí na bliana seo, **2006**.

Tábla 1 (3.3)

A	B	C	D	E	F	N/G
5.40	35.90	37.10	17.80	3.30	0.40	0.00

Grád C + = 78.40 % Grád D = 17.80 % Grád E = 3.70 %

I d**Tábla 2. (3.3)** tugtar faisnéis faoi thorthaí na mblianta ó **2003** go **2006**

Tábla 2 (3.3)

	A	B	C	D	E	F	N/G
2003	7.1	38.4	34	17.5	2.6	0.4	0
2004	5.6	30.7	36	21.3	5.3	1.1	0
2005	5	30.2	34.7	23.6	5.8	0.6	0
2006	5.4	35.9	37.1	17.8	3.3	0.4	0

3.4. Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

Leagtar béim sa chóras measúnaithe ar an gcumarsáid, i.e. cumas an iarrthóra í/é féin a chur in iúl trí mheán na Gaeilge agus na ceisteanna tuisceana agus eolais á bhfreagairt aici/aige. Sa Scrúdú Cluastuisceana tá 60 marc as 100 ag roinnt le léiriú na tuisceana (tic [✓] le cur sna boscaí cuí), i gcás na gceisteanna ilroghnacha. Sa Pháipéar Scríofa tá 146 mharc as 220 marc ag roinnt le léiriú na tuisceana agus an eolais.

Léirigh na scrúdaitheoirí comhairleacha agus na scrúdaitheoirí cúnata gur mheas siad go raibh na scrúdpháipéir sásúil don leibhéal i gceist. Bhí, dar leo, an leagan amach agus ábhar na gceisteanna oiriúnach d'iarrthóirí Gnáthleibhéil. Ar an iomlán, bhí freagairt na gceisteanna sásúil go maith. D'éirigh go han-mhaith leis na hiarrthóirí sa Chluastuisceant. Bhí na ceisteanna sa Léamhthuisceant soiléir agus bhí formhór na n-iarrthóirí in ann marcanna arda a bhaint amach sa chuid seo den scrúdú chomh maith. Dá bharr sin bhí tionchar an-mhór ag an dá ghné seo den scrúdú ar na marcanna a fuarthas.

3.4.1 An Páipéar Scríofa

Roinn I – Léamhthuisceant

Ceist 1

Gnóthaíodh marcanna arda anseo. Bhí mearbhall ar roinnt bheag iarrthóirí i dtaca leis na pictiúir J agus B.

Ceist 2

Thug iarrthóirí faoi na trí chuid, (a) agus (b) agus (c), go mion minic.

- (a) Bhí na freagraí ar chaighdeán an-ard i gcoitinne agus bronnadh marcanna dá réir.
- (b) Bhí na freagraí ar chaighdeán an-ard i gcoitinne. Bhí dornán iarrthóirí, áfach, nár luaigh ach rud amháin/píosa eolais amháin in (i) agus (ii) anseo nuair a bhí dhá rud/phíosa eolais ag teastáil.
- (c) Bhí deacracht acu le mír (i). Luadh sna tuairiscí a sholáthair na scrúdaitheoirí nár léir gur tuigeadh 'ag teastáil'. I mír (ii) ba mhinice 'dhá bhliain' mar fhreagra ar an gceist i leaba 'dhá bhliain go leith'.

Ceist 3

Bhí na freagraí ar chaighdeán an-ard i gcoitinne agus bronnadh marcanna dá réir. Ní raibh ‘an t-athscríobh iomarcach’ ná ‘an t-eolas iomarcach’ chomh forleathan in (a) nó in (b) i mbliana is a bhíodh blianta eile.

Roinn II – Scríobh na Teanga

Ó tharla gurb í scil na scríbhneoireachta an scil is deacra ó thaobh scileanna teanga de bhí réimse leathan caighdeáin le sonrú anseo. Bhí iarrachtaí an-mhaithe ann ach bhí iarrachtaí an-laga ann freisin. I measc na laigí a bhí le sonrú sna freagraí áiríodh teirce stór focal, míchúram in úsáid na réamhfhocal, míchúram in úsáid na n-aimsirí agus dul an Bhéarla ar an nGaeilge. Is cosúil go bhfuil roinnt iarrthóirí ag brath go hiomlán nach mór ar fhoclaíocht na gceisteanna agus na dtreoirlínte nó ar ghiotaí a bhíonn foghlamtha de ghlanmheabhair acu leis an tasc a chomhlíonadh.

Ceist 1

(a) Cárta Poist: Cheap na scrúdaitheoirí nach raibh na pointí eolais a bhí á lorg ró-éilitheach agus, go minic, gnóthaíodh lánmharc mar gheall ar an eolas dá bharr. Níos minice ná a chéile níor tugadh aon aird ar an bhfocal ‘lasmuigh’ sa treoirlíne ‘rud amháin a rinne tú lasmuigh den ionad campála’. Thuig formhór na n-iarrthóirí an comhthéacs a bhí i gceist agus bhí tagairtí don tír iasachta go han-nádúrtha acu ina gcuid freagraí.

(b) Nóta: Bhí an caighdeán sásúil go leor sna hiarrachtaí a bhain leis an nóta. An focal ‘chosain’ sa treoirlíne ‘cé mhéad a chosain siad’, chruthaigh sé deacracht d’iarrthóirí áirithe. Luaigh na scrúdaitheoirí go bhféadfaí leagan amach na dtreoirlínte a fheabhsú sa mhéid is go raibh ‘cén t-am’ luaite faoi dhó iontu.

Ceist 2

Litir: Ba í litir (a) rogha na coitiantachta. Cheap na scrúdaitheoirí go raibh ábhar na litreacha so-láimhsithe i mbliana. Níor léir i gcónaí, áfach, gur tuigeadh cad a bhí i gceist sa treoirlíne ‘saol na scoile’ in (a) ná ‘cén fáth nach ndúirt tú leis/léi go raibh tú ag dul’ in (b).

Ceist 3

Seo é an áit ab fhollasaí a raibh na laigí le sonrú. Mar a dúirt an Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ina thuairisc: ‘Is mór an trua go bhfuil easpa cleachtaidh le sonrú anseo. Go minic, ní úsáidtear ach briathar nó dhó agus is cuma le hiarrthóirí áirithe faoi na gnéithe seo a leanas: struchtúr, leagan amach, peannaireacht ná aimsirí.’

(a) **Alt:** Roghnaíodh é seo go han-mhínic. Bhí go leor iarrthóirí ann nár léirigh mórán tuisciana ar an rud a bhí i gceist. Níor roghnaíodh (iv) rómhínic ach i gcás na n-iarrthóirí a thug faoi, ba iad na leabhair faoi eachtraí Harry Potter na cinn ba choitianta a luadh.

(b) **Dialann:** Thug formhór na n-iarrthóirí faoin rogha seo agus gnóthaíodh marcanna arda anseo. Fágadh a bhfuil i gceist i mBosca 2 ar lár go minic ach tagraíodh do na pointí eile go réasúnta cuimsitheach. Ba mhór an chabhair do na hiarrthóirí na téacsanna spreagthacha sna boscaí agus bheadh iarrthóirí áirithe i sáinn dá n-uireasa. Is maith ann iad ach is é an trua é nach dtógtar ar na téacsanna spreagthacha céanna le linn an chuntais, seachas iad a chaitheamh ar ais sa script gan athrú.

Tá léiriú i d**Tábla 1. (3.4.1.)** ar na meánmharcanna a baineadh amach le ceithre bliana anuas sa ghné seo den scrúdú.

Tábla 1 (3.4.1)

Gné den Scrúdú	Uasmharc	Meánmharc			
		2003	2004	2005	2006
Páipéar Scríofa	220	136.42 = 62%	132.90 = 60.4%	130.18 = 59.2%	134.95 = 61.3%

3.4.2 An Scrúdú Cluastuisceana

Ba é barúil na scrúdaitheoirí go raibh na ceisteanna sa chuid seo den scrúdú an-soiléir agus gur gnóthaíodh marcanna arda tríd síos dá bharr. Bhí an méid seo a leanas le rá ag an bPríomhscrúdaitheoir Comhairleach faoi: ‘D’éirigh le roinnt mhaith iarrthóirí grád

C a bhaint amach sa scrúdú ina iomláine toisc go raibh marc ard sa Scrúdú Cluastuisceana faighte acu, bíodh is nár thug na hiarrthóirí sin faoi Roinn II (Scríobh na Teanga) sa Pháipéar Scríofa in aon chor.’

Cuid A

Cainteoir 1: Freagraíodh 1. go maith; 2. go maith; 3. go sár-mhaith.

Cainteoir 2: Freagraíodh 1. go maith; 2. go maith; 3. go maith.

Cainteoir 3: Freagraíodh 1. maith go leor (Tugadh slí bheatha an athar uaireanta.);
2. go han-mhaith ar fad; 3. go han-lag ar fad.

Cuid B

Fógra 1: Freagraíodh 1. go han-mhaith; 2. go han-mhaith.

Fógra 2: Freagraíodh 1. go han-mhaith; 2. lag go leor toisc go raibh gá le cúpla focal.

Fógra 3: Freagraíodh 1. go sármhaith; 2. go sármhaith

Cuid C

Comhrá 1: Freagraíodh 1. go han-mhaith; 2. go han-mhaith

Comhrá 2: Freagraíodh 1. go han-sásúil; 2. go han-sásúil

Comhrá 3: Freagraíodh 1. go han-mhaith; 2. go han-mhaith

Cuid D

Píosa 1: Freagraíodh 1. go measartha: Ba mhinic (a) mar fhreagra in ionad (c);
2. go maith.

Píosa 2: Freagraíodh 1. go han-mhaith; 2. Lag go leor toisc go raibh freagra i bhfocail ag teastáil.

Píosa 3: Freagraíodh 1. go han-mhaith; 2. go han-mhaith.

Tá léiriú i d**Tábla 1. (3.4.2)** ar na meánmharcanna a baineadh amach le ceithre bliana anuas sa chuid seo den scrúdú

Tábla 1 (3.4.2)

Gné den Scrúdú	Uasmharc	Meánmharc			
		2003	2004	2005	2006
Cluastuisceant	100	76.46	67.54	68.67	74.00

3.4.3 Caighdeán na Gaeilge sna Freagraí

Maidir le Scríobh na Teanga tuairiscíodh go raibh an fhreagairt faoi mar a bhí le blianta agus go raibh iarrachtaí an-mhaithe, maithe agus laga ann. Ba iad na laigí teanga ba shuntasáí a luadh sna tuairiscí ná: easpa stór focal, béarlachas/dul an Bhéarla ar an gcomhréir tríd síos, mí-úsáid na réamhfhocal agus mí-úsáid na n-aimsirí. Luadh go raibh caighdeán na Gaeilge sna litreacha go maith.

3.5 Tátal

Bhí cuma an-mhaith ar thorthaí na bliana seo ag an leibhéal seo. Léiríonn na staitisticí maidir le gnóthachtáil na n-iarrthóirí gur éirigh go maith le formhór na n-iarrthóirí. Tá patrún seasmhach go leor le sonrú sna torthaí a bhíonn ann ó bhliain go bliain agus feictear an tseasmhacht chéanna maidir leis na meánmharcanna sna codanna éagsúla de na scrúduithe freisin. Chomh maith leis seo feictear go bhfuil líon na n-iarrthóirí a thugann faoin leibhéal seo mórán mar an gcéanna ó bhliain go bliain.

3.6 Moltaí

Tá na múinteoirí le moladh as an dúthracht a chaitheann siad an cúrsa Gaeilge a mhúineadh do na daltaí agus iad a réiteach faoi choinne an scrúdaithe.

Moltar do mhúinteoirí:

- Féachaint siar go rialta ar an *Siollabas Don Teastas Sóisearach*. Tá a bhfuil sna Scrúdpháipéir, Gaeilge, TSGL, préamhaithe sa siollabas tagartha sin
- Measúnú a dhéanamh ar bhonn rialta ar a bhfuil múinte agat do na daltaí. Is cuid lárnach den phróiseas foghlama é an t-aiseolas a fhaigheann an foghlaimeoir nuair a dhéantar measúnú ar a bhfuil foghlamtha aici/aige
- Úsáid thuisceanach a bhaint as scrúdpháipéir a bhaineann le blianta eile
- Úsáid thuisceanach a bhaint as ábhar dílis a bhaineann le saol réadúil nua-aimseartha na Gaeilge

- Cleachtadh rialta a thabhairt do na daltaí i scríobh na Gaeilge ag an leibhéal a oireann dá gcumas agus dá n-inniúlacht
- Bunrialacha gramadaí a mhúineadh do na daltaí, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil
- Mura bhfuil taithí agat mar scrúdaitheoir cúnata, a dhéanamh cinnte de go bhfuil eolas barainneach agat ar an gcóras measúnaithe. Is féidir *An Scéim Mharcála, Gaeilge, TSGL., 2006*, a fháil ag www.examinations.ie.

Moltar d'iarrthóirí:

- A bheith cinnte go léann tú gach ceist agus focheist go cúramach lá an scrúdaithe
- Gan aon cheist ná cuid de cheist a fhágáil ar lár
- A bheith cinnte go dtuigeann tú roimh ré, an leagan amach atá ar na scrúdpháipéir agus ar na roghanna atá ag baint leis na scrúdpháipéir sin
- Am a fhágáil ag deireadh an scrúdaithe chun dul siar ar a bhfuil scríofa agat
- Dul siar go rialta ar scrúdpháipéir a bhaineann le blianta eile
- Aird a thabhairt ar chomhairle do mhúinteora maidir leis an leibhéal is oiriúnaí duit.

4. An tArdleibhéal

4.1 Réamhrá

Tugtar le fios sa *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge* (1.3) cé air a bhfuil an leibhéal seo dírithe:

- *Formhór de dhaltáí na Gaeltachta*
- *Formhór de dhaltáí ó Ghaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht*
- *Daltáí ó ghnáthscoileanna a thug an teanga leo go maith*

Tá samplaí de na scrúdpháipéir, Gaeilge TSAL 2006, mar aon leis an scéim mharcála a théann leo, le fáil ar an suíomh Idirlín www.examinations.ie. Moltar don léitheoir leagan den scrúdpháipéar agus an scéim mharcála a théann leis a bheith os a c(h)omhair agus a bhfuil i gceist anseo ina dhiaidh seo á léamh aici/aige.

4.2 Na Scrúdpháipéir

Ag an leibhéal seo tugann iarrthóirí faoi thrí pháipéar: dhá pháipéar scríofa agus scrúdú cluastuisceana. Is é móriomlán na marcanna do na trí scrúdpháipéar le chéile ná 320 marc. Bheadh 400 marc mar mhóriomlán dá gcuirfí an 80 marc atá ag gabháil leis an mBéaltríail Roghnach san áireamh.

4.2.1 Páipéar I (100 marc). Am: Uair go leith.

Roinn I – Scríobh (70 marc); **Roinn II** – Léamhthuiscint (30 marc).

I Roinn I, bhí dhá cheist le freagairt: Ceist 1 (50 marc) – Ceapadóireacht; Ceist 2 (20 marc) – Comhrá/Agallamh.

I Roinn II bhí ar iarrthóirí sraith de cheisteanna buntuisceana faoi alt iriseoireachta a fhreagairt. Bhí na ceisteanna ar aon mharc.

4.2.2 Páipéar II (120 marc). Am: 2 Uair.

Roinn I agus **Roinn II** – Litríocht (60 marc); **Roinn III** – Léamhthuiscint (30 marc); **Roinn IV** – Scríobh (30 marc).

I Roinn I bhí dhá cheist (15 mharc + 15 mharc) le freagairt. I gCeist 1 cuireadh trí cheist bhuntuisceana agus trí cheist léirtheisceana faoi shliocht próis anaithnid. Bhí ar an

iarrthóir trí cinn de na ceisteanna a fhreagairt, ceann amháin as na ceisteanna buntuisceana agus ceann amháin as na ceisteanna léirthuisceana agus an tríú ceann as ceachtar den dá ghrúpa. I gCeist 2 bhí ar iarrthóirí cuntas a scríobh ar phíosa próis a ndearna siad féin staidéar air.

Bhí an leagan amach céanna ar Roinn II agus a bhí ar Roinn I ach amháin gur filíocht a bhí faoi chaibidil i Roinn II. I gCeist I, Roinn II, bhí dhá dhán anaithnide ar an scrúdpháipéar agus bhí na ceisteanna buntuisceana agus léirthuisceana bunaithe orthu siúd.

I Roinn III tugadh ceithre cinn de ghíotaí gearra léamhthuisceana, A, B, C agus D. Bhí deich marc ag gabháil le gach píosa. Níor mhór don iarrthóir trí cinn díobh seo a fhreagairt. I gcás D bhí ar an iarrthóir gach ceann de dheich gcinn de bhearnaí a líonadh le focal oiriúnach as liosta focal a bhíonn ar an scrúdpháipéar. I gcás A, B, agus C bhí dhá cheist eolais/tuisceana le freagairt faoi gach píosa. Bhí na ceisteanna ar aon mharc i ngach cás.

I Roinn IV bhí ar an iarrthóir litir a scríobh ar a rogha ceann amháin de thrí ábhar. Tugtar treoirlínte ar an scrúdpháipéar i ngach cás.

4.2.3 An Scrúdú Cluastuisceana (100 marc). Am: 30 nóiméad

Bhí ceithre chuid sa scrúdú:

Cuid A– Trí pheannphictiúr;

Cuid B – Trí fhógra;

Cuid C – Trí chomhrá;

Cuid D – Trí phíosa nuachta raidió.

Cainteoirí dúchais a bhíonn le cloisteáil sna codanna ar fad agus rinneadh na gíotaí cainte a roinnt go cothrom idir na trí mhórchanúint. Cloistear gach ceann de na gíotaí i gCuid A agus i gCuid C faoi thrí agus cloistear na gíotaí i gCuid B agus i gCuid D faoi dhó.

4.2.4 Imroinnt na Marcanna

Seo a leanas imroinnt na marcanna ag an Ardleibhéal (as 320):

- Léamhthuiscint: 60 marc: 18.75%
- Cluastuiscint: 100 marc: 31.25%
- Scríobh: 100 marc: 31.25%
- Litríocht: 60 marc: 18.75%

4.3 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

Rinne **21,953** iarrthóir an scrúdú agus tá cuma fhóna ar na torthaí.

I d**Tábla 1. (4.3)** anseo thíos tugtar faisnéis maidir le torthaí na bliana seo, **2006**.

Tábla 1 (4.3)

A	B	C	D	E	F	N/G
9.90	33.00	37.20	18.00	1.70	0.20	0.00

Grád C + = 80.10 % Grád D = 18.00 % Grád E = 1.90 %

I d**Tábla 2. (4.3)** tugtar faisnéis maidir le torthaí na mblianta **2003–2006**

Tábla 2 (4.3)

	A	B	C	D	E	F	N/G
2003	11.10	32.80	35.90	18.10	2.0	0.10	0.00
2004	10.60	31.60	38.30	17.80	1.60	0.10	0.00
2005	12.60	31.20	34.90	18.70	2.30	0.30	0.00
2006	9.90	33.00	37.20	18.00	1.70	0.20	0.00

4.4 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

Leagtar béim sa chóras measúnaithe, ar an gcumarsáid, i.e. cumas an iarrthóra í/é féin a chur in iúl trí mheán na Gaeilge scríofa agus na ceisteanna scrúdaithe á bhfreagairt aici/aige. Is ar an mbonn sin a dhéantar Gaeilge an iarrthóra a mheá. Déantar iarracht ag an leibhéal seo go háirithe, chomh fada agus is féidir é a dhéanamh, comhthreomhaireacht a bheith idir an marc a bhronntar ar an eolas agus an marc a bhronntar ar an nGaeilge sna háiteanna a mbíonn sin i gceist.

4.4.1 Páipéar I

Roinn I – Scríobh na Teanga (70 marc)

Ceist 1: Ceann amháin de: A (Aiste), B (Scéal/Eachtra), C (Díospóireacht/Óráid), D (Alt nuachtáin nó irise) le freagairt. (50 marc – Ábhar:10; Gaeilge: 40)

Bhí rogha an-fhairsing sa cheist seo a bhfuil sé mar aidhm aige foirmeacha agus stíleanna difriúla scríbhneoireachta agus ceapadóireachta a chothú i measc an aosa óig.

Freagraíodh B (i) agus (ii), níos minice ná na roghanna eile. Seo a leanas achoimre ar a raibh le rá ag scrúdaitheoirí i dtaobh chaighdeán na bhfreagraí sa cheist áirithe seo:

- (a) Aistí agus Scéalta/Eachtraí breátha ag iarrthóirí ach iad réamhullmhaithe ag roinnt eile iarrthóirí, go háirithe in B (i) agus B (ii), áit a raibh scéal nó eachtra i gceist.
- (b) Maidir le C (i) agus (ii), tharla sé níos minice ná a chéile gurbh iarrthóirí ardchumasacha a roghnaigh iad agus bhí formhór na n-iarrachtaí ar ardchaighdeán ó thaobh na Gaeilge agus na smaointe de.
- (c) Bhí an claonadh i roinnt iarrthóirí cloí le cuntas lom san Aimsir Chaite amháin, fiú nuair ba léir nár leor a leithéid chun ionramháil thuisceanach a dhéanamh ar an teideal. Bhí sé seo coitianta in A (i) agus in A (ii).

Is é an tuairim choitianta atá i measc scrúdaitheoirí cunta taithíocha agus scrúdaitheoirí comhairleacha nach bhfuil an caighdeán sa chumadóireacht i Roinn 1, Ceist 1, chomh téagartha agus a d'fhéadfadh sé a bheith. Cuireann na scrúdaitheoirí an milleán faoi seo ar an rogha atá i leagan amach na ceiste áirithe seo.

Ceist 2 (Comhrá agus Agallamh): A nó B le freagairt anseo. (20 marc– Ábhar: 4, Gaeilge: 16).

Freagraíodh A níos minice ná B anseo. Anseo a leanas achoimre ar a raibh le rá ag scrúdaitheoirí i dtaobh chaighdeán na bhfreagraí sa cheist áirithe seo:

- (a) Ardchaighdeán Gaeilge le haithint ar roinnt mhaith iarrachtaí agus go háirithe ó iarrthóirí ar léir gur cainteoirí Gaeilge ó dhúchas iad nó gurb í an Ghaeilge teanga theagaisc na scoile ina bhfuil siad .
- (b) Leamhas agus easpa áirithe téagair le sonrú go minic ar roinnt de na hiarrachtaí.
- (c) Comhráite réamhullmhaithe coitianta go leor anseo agus iad curtha in oiriúint d'ábhar na ceiste ach go ndearnadh é ar bhealach a bhí tanaí agus imeallach ní ba mhinice ná a chéile.
- (d) Nathanna agus giotaí réamhullmhaithe in úsáid go minic ach gan mórán dealraimh leo sa chomhthéacs in ar úsáideadh iad.
- (e) Na hiarrthóirí sin a thug faoin agallamh, ba mhinice iad ag trácht ar shaol an phríomhoide seachas ar na rialacha a bhain leis an éide scoile.

Roinn II: Léamhthuiscint (30 marc = 6 [3 + 3] mharc × 5).

Droch-Ghaeilge: uasmhéid 3 mharc a bhaint den iomlán a ghnóthaíonn an t-iarrthóir ar an gceist ar fad.

Leagadh an bhéim sa mharcáil ar an eolas ceart a bheith sna freagraí anseo. Bhíothas tuisceanach maidir le húsáid fhocail an tsleachta sna freagraí a fhad is bhí siad oiriúnach agus nádúrtha mar fhreagraí ach bhíothas dian tríd síos ar ‘athscríobh iomarcach’. Seo

a leanas achoimre ar a raibh le rá ag scrúdaitheoirí i dtaobh chaighdeán na bhfreagraí sa cheist áirithe seo:

- (a) Bhíothas sásta le caighdeán na bhfreagraí.
- (b) Bhíothas ag ceapadh go mbeadh fadhbanna ag na hiarrthóirí leis na hainmneacha ngaoiseacha, C-3PO agus araile, ach láimhseáladh gan stró iad.
- (c) Glacadh le freagraí a tógadh díreach ón sliocht a fhad is nach raibh ‘athscríobh iomarcach’ i gceist.
- (d) Bhí fadhbanna ag roinnt iarrthóirí le C (v) ach ar an iomlán gnóthaíodh marcanna arda anseo.
- (e) Shoiléirigh na léaráidí comhthéacs an tsleachta do na hiarrthóirí

Tá léiriú i **dTábla 1. (4.4.1)** ar na meánmharcanna a baineadh amach le ceithre bliana anuas sa chuid seo den scrúdú.

Tábla 1 (4.4.1)

Gné den Scrúdú	Uasmharc	Meánmharc			
		2003	2004	2005	2006
Páipéar I	100	62.00	62.80	60.30	60.30

4.4.2. Páipéar II

Roinn I: Prós Liteartha (30 marc = 15 mharc + 15 mharc)

Ceist 1: Bhí trí cinn de cheisteanna le freagairt sa cheist seo. (Tuiscint: $4(2 + 2)$ mharc $\times 3 = 12$ mharc. Gaeilge: 3 mharc = 15 mharc). Níor mhór ceist amháin a roghnú as A agus ceist amháin a roghnú as B. D'fhéadfaí an tríú ceist a roghnú as A nó as B. Leagadh an bhéim ar an eolas sa mharcáil anseo. Bhíothas tuisceanach maidir le húsáid fhocail an tsleachta sna freagraí ach bhíothas dian ar 'athscríobh iomarcach'.

Seo a leanas achoimre ar a raibh le rá ag scrúdaitheoirí i dtaobh chaighdeán na bhfreagraí sa cheist áirithe seo:

- (i) Bhí an sliocht as an úrscéal *Fuadach* an-oiriúnach don leibhéal seo.
- (ii) Ba í an cheist ba mhó a thug trioblóid d'iarrthóirí, agus do scrúdaitheoirí sa mharcáil dá bharr, ná B (iii) "Ar thaitin an scéal leat?" Bhí na freagraí an-lom anseo agus gan mórán téagair iontu.

Ceist 2: A nó B anseo le freagairt. 15 mharc (Teideal: 1 mharc amháin; Ainm an údair: 1 mharc amháin; Ábhar: 5 mharc; Gaeilge: 8 marc). Freagraíodh B ní ba mhinice ná A. Ghnóthaigh formhór mór na n-iarrthóirí marcanna arda sa cheist seo. Gearrscéalta is mó a bhí á n-úsáid ag iarrthóirí. Ceaptar nach bhfuil ar siúl ag roinnt bheag iarrthóirí, mar ullmhúchán leis an gceist seo a fhreagairt, ach dornán beag achoimrí de scéalta simplí a chur de ghlanmheabhair.

Roinn II – Filíocht – 30 marc (15 mharc + 15 mharc)

Ceist 1: Bhí trí cinn de na ceisteanna le freagairt. 15 mharc (Tuiscint: $4 \text{ mharc } (2 + 2) \times 3 = 12$ mharc. Gaeilge: 3 mharc. = 15 mharc). Níor mhór ceist amháin a roghnú as A agus ceist amháin a roghnú as B. Is féidir an tríú ceist a roghnú as A nó as B. Measadh go raibh an dá dhán oiriúnach ó thaobh ábhair agus teanga de. Ceapadh go raibh na ceisteanna dúshlánach go maith ach cothrom. Ghnóthaigh formhór na n-iarrthóirí marcanna sásúla ar na freagraí. Bhíothas tuisceanach maidir le húsáid fhocail na ndánta féin sna freagraí ach bhíothas dian ar 'athscríobh iomarcach'.

Ceist 2: A nó B le freagairt anseo. 15 mharc (Teideal an dáin – 1 mharc amháin; Ainm an fhile – 1 mharc amháin; Ábhar: 5 mharc; Gaeilge: 8 marc). Freagraíodh B ní ba mhinice ná A. Ghnóthaigh formhór mór na n-iarrthóirí marcanna arda sna freagraí anseo. Ceaptar nach bhfuil ar siúl ag cuid bheag iarrthóirí, mar ullmhúchán don cheist seo, ach léirmheasanna gearra ar dhán nó dhó a chur de ghlanmheabhair.

Roinn III – Léamhthuiscint (Giotaí Gearra): 30 marc (10 + 10 + 10) ; **A, B, C** = 5 + 5 i ngach cás. **D** = 1 × 10). Gaeilge lochtach: uasmhéid 3 mharc a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir ar an gceist ar fad. Rogha an iarrthóra de thrí cinn as A, B, C, D le freagairt anseo. Leagadh an bhéim ar an eolas sa mharcáil. Bhíothas tuisceanach maidir le húsáid fhocail an tsleachta sna freagraí i gcás A, B, agus C ach bhíothas dian ar ‘athscríobh iomarcach’. Síleadh go raibh na giotaí féin oiriúnach don aoisghrúpa áirithe seo ó thaobh teanga agus ábhair de. Measadh go raibh na ceisteanna cothrom freisin. Gnóthaíodh marcanna sásúla tríd síos ar an gceist seo.

Seo a leanas achoimre ar a raibh le rá ag scrúdaitheoirí i dtaobh chaighdeán na bhfreagraí sa cheist áirithe seo:

(a) Ghnóthaigh a lán iarrthóirí lánmharc sa cheist seo.

(b) I gcomparáid le blianta eile thug níos mó iarrthóirí faoi D i mbliana.

Roinn IV – Litir a Scríobh 30 marc (Seoladh = 1 mharc amháin; Beannú = 1 mharc amháin; Críoch = 1 mharc amháin; Eolas = 10 marc; Gaeilge = 17 marc). A nó B nó C le freagairt anseo. Síleadh go raibh ábhair na litreacha in A, B agus C an-oiriúnach don aoisghrúpa seo. Bhí na freagraí an-sásúil i gcoitinne. Ba léir go raibh iarrthóirí ullmhaithe go maith don cheist seo. Cabhraíonn na treoirlínte ag tús na litreach go mór le hiarrthóirí struchtúr a chur ar a gcuid smaointe, dar le go leor scrúdaitheoirí. Moltar go gcuirfí an cheist seo ar Pháipéar 1 nuair a dhéanfar athstruchtúrú ar Scrúdpháipéar TSAL amach anseo.

Tá léiriú i d**Tábla 1 (4.4.2)** ar na meánmharcanna a baineadh amach le ceithre bliana anuas sa ghné seo den scrúdú.

Tábla 1 (4.4.2)

Gné den Scrúdú	Uasmharc	Meánmharc			
		2003	2004	2005	2006
Páipéar II	120	82.50 = 68.80%	85.40= 71.20%	87.00= 72.50%	80.70= 67.30%

4.4.3 An Scrúdú Cluastuisceana (100 marc):

Cuid A = 28 marc (2 × 14); Cuid B = 27 marc (3 × 9); Cuid C = 27 marc (3 × 9); Cuid D = 18 marc (3 × 6). Pionós: D'fhéadfaí uasmhéid 5 mharc a bhaint den iomlán (as 100 marc) a ghnóthaigh an t-iarrthóir ag an deireadh i ngeall ar Ghaeilge fhíorlochtach. N.B. Níor mhór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge.

Leagadh an bhéim ar an léiriú tuisceana sa mharcáil anseo. D'éirigh go maith le formhór mór na n-iarrthóirí marcanna arda a ghnóthú sa chuid seo den scrúdú i mbliana. Ba léir go raibh cleachtadh maith faighte ag iarrthóirí. Na deacrachtaí a samhlaíodh a bheadh ag iarrthóirí maidir le canúintí, is lú ná riamh iad anois. Ba í an fhadhb ab fhollasaí ná go raibh iarrthóirí áirithe ag gabháil don leibhéal seo ar chóir dóibh a bheith ag gabháil don TSGL.

Is iad seo a leanas na tuairimí ba choitianta a léirigh na scrúdaitheoirí sna tuairiscí uathu:

- Bhí an scrúdú an-sásúil i mbliana.
- Mheas na scrúdaitheoirí go raibh iarrthóirí Gaeltachta agus iarrthóirí atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge inniúil go maith ar an gCluastuisceint a láimhseáil.

- (c) Ní raibh deacracht ar bith ag iarrthóirí leis an gCluastuisceint ach amháin le D, Píosa 3 (2).
- (d) Bhí an drochlitriú agus easpa cúraim in ionramháil na Gaeilge feiceálach go leor ag roinnt iarrthóirí sa chuid seo den scrúdú.

Tá léiriú i d**Tábla 1. (4.4.3)** ar na meánmharcanna a baineadh amach le ceithre bliana anuas sa chuid seo den scrúdú.

Tábla 1 (4.4. 3)

Gné den Scrúdú	Uasmharc	Meánmharc			
		2003	2004	2005	2006
Cluastuisceint	100	68.50	64.2	64.00	73.60

4.4.4 Caighdeán na Gaeilge sna freagraí

Toisc go bhfuil an scrúdú seo ag freastal ar réimse leathan iarrthóirí, feictear idirdhealú suntasach idir an caighdeán Gaeilge a bhíonn ag na hiarrthóirí a ghnóthaíonn na gráid is airde agus na hiarrthóirí eile. Chuir na scrúdaitheoirí in iúl go raibh siad sásta go maith le caighdeán na Gaeilge ag an leibhéal seo, na hiarrthóirí sin ar bronnadh Grád A, B, nó C orthu, ach go háirithe. Na hiarrthóirí a ghnóthaíonn na réimsí is ísle de ghrád D nó níos ísle, bíonn siad ag brath cuid mhaith ar an Aimsir Chaite chun iad féin a chur in iúl. Chomh maith leis sin, is minic a bhíonn easpa cruinnis agus easpa beachtais in ionramháil na teanga le sonrú ina gcás siúd. Luadh i dtuairiscí scrúdaitheoirí i mbliana, agus le blianta beaga anuas, gurbh í an laige ba mhó a bhí le sonrú, maidir le caighdeán na Gaeilge ag go leor iarrthóirí, ná an easpa téagair.

4.5 Tatal

Rinne formhór na n-iarrthóirí sin a thug faoin TSAL in 2006 go fíormhaith. Tacaíonn na figiúirí comparáideacha sna táblaí éagsúla leis seo. Cúis ríméid is ea an t-ardú de 2%, ó thaobh líon na n-iarrthóirí de, a thug faoin TSAL i mbliana agus atá le sonrú i dTábla 1. (1.2)

4.6. Moltaí

Moltar do mhúinteoirí

- Féachaint siar go rialta ar an *Siollabas don Teastas Sóisearach*. Tá a bhfuil sna Scrúdpháipéir, Gaeilge, TSAL, préamhaithe sa siollabas tagartha sin
- Má tá téacsleabhar foirmiúil in úsáid agat agus ag do dhaltaí, a bheith cinnte go bhfuil sé dílis don siollabas oifigiúil agus go bhfuil na modhanna múinte agus tástála a eascraíonn uaidh, go háirithe maidir le comhtháthú na scileanna foghlama, ag teacht leis na moltaí atá sna treoirlínte measúnaithe oifigiúla
- Measúnú a dhéanamh ar bhonn rialta ar a bhfuil múinte agat do na daltaí. Is cuid lárnach den phróiseas foghlama é an t-aiseolas a fhaigheann an foghlaimeoir nuair a dhéantar measúnú ar a bhfuil foghlamtha aici/aige
- Úsáid thuisceanach a bhaint as scrúdpháipéir a bhaineann le blianta eile
- Úsáid thuisceanach a bhaint as téacsanna cluastuisceana ó bhlianta eile
- Úsáid thuisceanach a bhaint as ábhar dílis a bhaineann le saol réadúil nua-aimseartha na Gaeilge
- Cleachtadh rialta a thabhairt do na daltaí i scríobh na Gaeilge
- Na bunrialacha a bhaineann le comhréir agus dul na Gaeilge a mhúineadh ar bhonn rialta do na daltaí, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil.

- Mura bhfuil taithí agat mar scrúdaitheoir cúnata a dhéanamh cinnte de go bhfuil cur amach agat ar an gcóras measúnaithe. Is féidir *An Scéim Mharcála, Gaeilge, TSAL, 2006*, a fháil ag www.examinations.ie.

Moltar d'iarrthóirí:

- Na ceisteanna agus na focheisteanna a léamh go cúramach lá an scrúdaithe
- Gan aon cheist ná cuid de cheist a fhágáil ar lár
- A bheith cinnte de go dtuigeann tú roimh ré, an leagan amach atá ar na scrúdpháipéir agus ar na roghanna atá agat
- Am a fhágáil ag deireadh an scrúdaithe chun dul siar ar a bhfuil scríofa agat
- Dul siar go rialta ar scrúdpháipéir a bhaineann le blianta eile.